

Ról na nOifigeach Forbartha Gaeilge san earnáil phoiblí*Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge – COFG***Acht na
dTeangacha
Oifigiúla 2003**

Tráth a tháinig Acht na dTeangacha Oifigiúla i bhfeidhm i 2003 cuireadh tús le príomhshruthú Oifigigh Forbartha Gaeilge san earnáil phoiblí. 'Sé ról na nOifigeach seo ná an Ghaeilge a fhorbairt sna comhlachtaí poiblí mar aon le bheith ag tacú le rialú corparáideach ar Acht na dTeangacha Oifigiúla, Scéimeanna Teanga san áireamh, sna comhlachtaí seo.

Is léir áfach, nárbh leor grádú na bpost seo, sé sin go raibh agus go bhfuil Grád 5 nó Oifigeach Foirne san earnáil phoiblí agus Oifigeach Feidhmiúcháin sa státseirbhís ró-íseal chun tacú mar is cuí le rialú corparáideach ar Acht na dTeangacha Oifigiúla sna comhlachtaí poiblí ná chun srian a choimeád ar imeallú na teanga laistigh de na comhlachtaí sin.

Tá Oifigigh Forbartha Gaeilge ag Grád 7 riachtanach do chomhlachtaí poiblí má tá na comhlachtaí sin le spriocanna *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* a bhaint amach, agus le bainistiú cuí a dhéanamh ar soláthar na seirbhísí Gaeilge, go háirithe i gcás *'Gaeilge líofa agus Béarla líofa ag 20% de sheirbhísí poiblí a bheidh ag obair i ngach comhlacht poiblí'*, Ceannteidil Bhille na dTeangacha Oifigiúla (leasú) 2017.

<p>Breis dualgais oibre</p>	<p>Cé gurb é an tacú le rialú corparáideach an chéad ról a leagadh ar an Oifigeach Forbartha Gaeilge, tá na héilimh ar na hoifigigh seo tar éis fás as cuimse ar fad le gach píosa nua reachtaíochta, mar a chítear thíos. I dteannta sin tá an t-éileamh ar breis-thacaíochtaí ag fás go leanúnach le gach meamram Ranna, le cuimsiú Scéimeanna Gaeilge gach trí bliana nó mar sin, agus le réimsí nua ag teacht chun cinn go leanúnach, ar nós pobail labhartha Gaeilge a fhorbairt, Turasóireacht na Gaeilge agus pleanáil teanga sa Ghaeltacht agus i mBailte Seirbhíse Gaeltachta.</p> <ul style="list-style-type: none"> • An tOrdú Logainmneacha (Gaeltachta), 2004 • Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 de chuid an Rialtais • An tOrdú Logainmneacha (Gaeltachta), 2011 • Alt 47 den Acht um Pleanáil agus Forbairt • Acht na Gaeltachta, 2012
<p>Grádú sóisearach</p>	<p>Cé go mbíonn ár gcomhghleacaithe i bpoist speisialtóra ar nós Cartlannaithe, Oifigigh Ealaíne, Oidhreacht agus Spóirt ag feidhmiú ag grád níos airde, Grád 7 ina measc, don gcuid is mó feidhmíonn an tOifigeach Forbartha Gaeilge ag Grád 5 (Oifigeach Foirne) san earnáil phoiblí agus Oifigeach Feidhmiúcháin sa státseirbhís.</p> <p>Agus mórcheisteanna chomhlachta á phlé ag an mbainistíocht, is minic go bhfághtar oifigigh ag grád 5 as an áireamh, rud a fhágann an Ghaeilge as an áireamh. Déantar pleananna, straitéisí agus polasaithe a phlé agus a aontú ansan gan ionchur ón Oifigeach Forbartha Gaeilge. Tagann deacrachtaí chun cinn níos déanaí, go minic nuair atá príomhcháipéisí beartais phoiblí agus ábhar bolscaireachta ar an slí go clódóirí, agus dualgais reachtúla fágtha ar lár.</p> <p>Cé go gcothaíonn seo deacrachtaí don gcomhlacht poiblí, agus costas breise go minic, is fadhb i bhfad Éirinn níos mó é go bhfághtar príomhchuspóirí an Rialtais i dtaobh na bpobal Gaeilge agus Gaeltachta ar lár as pleananna, straitéisí agus polasaithe comhlachtaí poiblí - rud a chuireann srian níos fad-tréimhsí ar fhorbairt na Gaeilge i gcoitinne.</p>
<p>Grád 7</p>	<p>D'aithin Feidhmeannach na Seirbhísí Sláinte an aimhrialtacht seo agus an tábhacht le duine a chur ag feidhmiú ag Grád 8 chun an bhainistíocht a chomhairliú, forbairt na Gaeilge a bhainistiú agus seirbhísí Gaeilge a sholáthar.</p> <p>Thabharfaí aitheantas cuí ar chúraimí Oifigeach Forbartha Gaeilge an lae inniu dá dtabharfaí uasghrádú don phost go hOifigeach Riaracháin ag Grád 7. Chothódh a leithéid an deis chun comhairliú ar pholasaithe agus</p>

	<p>príomhchuspóirí teangeolaíochta a chur san áireamh le linn plé eagraíochta ag leibhéal sinsearach, mar aon le caidreamh dé bhealach a chothú le ceannasaithe rannóga go leanúnach.</p>
--	---

Foireann chuí	<p>Chun déileáil leis na héilimh agus cúraimí breise oibre i dtaobh forbairt na Gaeilge i gcomhlachtaí poiblí mar a luadh cheana, ní mór Oifigeach Cúnta Gaeilge ag Grád 5 a thabhairt ar bord. Chinnteodh seo nach dtitfeadh an obair ar an dtalamh ó lá go lá ar chúl, fhad is a bheadh an tOifigeach Forbartha Gaeilge ag Grád 7 ag plé le ceannasaithe rannóga agus bainisteoirí.</p> <p>Mar a bhíonn le haon struchtúr, ní mór ceannasaí le Gaeilge, sé sin Stiúrthóir Seirbhísí / Príomh-Oifigeach Cúnta, chun dul os cionn na rannóige ar mhaithe le freagracht soiléir a chur ar an mbainistíocht as cur chuige eagraíochta nó rialú corparáideach a dhéanamh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla agus gach a bhaineann leis.</p> <p>Ar deireadh ní mór tacaíochta riaracháin a chur ar fáil don Oifigeach Forbartha Gaeilge agus don Oifigeach Cúnta Gaeilge agus iad i mbun a gcuid oibre le pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta, lucht bainistíochta, Ranna Stáit agus ceann-eagraíochtaí Gaeilge.</p>
----------------------	---

Moladh don Aire i dtaobh Foireann Gaeilge i gComhlachtaí Poiblí*Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge – COFG*

Go bhfostóidh gach comhlacht poiblí, roinn rialtais agus gach eagrais eile státseirbhíse, foireann oifigeach chun a gcuid dualgas reachtúla i dtaobh na Gaeilge de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus eile a fheidhmiú. Go gcinnteofar Gaeilge labhartha agus scríofa ar ardchaighdeán a bheith ag gach duine den bhfoireann seo ón am a ceapfar iad, mar aon le tuiscint ar shaincheistanna reatha na Gaeilge agus na Gaeltachta.

Go sannfar mar Phoist Speisialtóra lánaimseartha iad an dá phost mar Oifigigh Fhorbartha Gaeilge agus Oifigeach Cúnta Gaeilge, agus go mbeidh a dhóthain oifigeach ar gach foireann den tsórt seo, arna mbeidh ar a laghad:

- **Stiúrthóir Seirbhíse/ Leas-Phríomhoifigeach/ Príomhoifigeach Cúnta** chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh an comhlacht poiblí a chuid dualgas go léir faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus faoi fhorálacha eile na hearnála sin.
- **Oifigeach Forbartha Gaeilge (Grád 7/8) / Ardoifigeach Feidhmiúcháin** chun an oifig a riaradh, caidreamh a chothú le h-oifigigh sinsearacha ag leibhéal lár-bhainistíochta maidir le tacaíocht agus rialú corparáideach, comhairle agus treoir a thabhairt i dtaobh polasaithe a bhaineann le pobail na Gaeilge agus na Gaeltachta. Roinnt tionscnaimh a fhorbairt agus a bhainistiú, mar aon le hobair profála.
- **Oifigeach Cúnta Gaeilge (Grád 5) / Oifigeach Feidhmiúcháin** chun príomhthionscnaimh a bhainistiú agus a chur i gcrích i sainréimsí ar nós... Plean Teanga Gaeltachta, Baile Seirbhísí Gaeltachta, Turasóireacht na Gaeilge, Pobail Labhartha Gaeilge agus Oiliúint na Gaeilge, mar aon le h-obair profála.
- **Oifigeach Cléireachais (Grád 3)** - obair riaracháin oifige agus tacaíocht cléireachais do chruinnithe, agus do chomhairliúcháin phoiblí trí mheán na Gaeilge, mar aon le h-obair profála.